An Cruinniú Mullaigh Euro

**An Bhruiséil, 19 Márta 2026**
**(OR. en)**

**EURO 504/26**

**EUROSUMMIT 1**
**TSGC 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú Mullaigh Euro (19 Márta 2026)<br>- Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an ráiteas ar thángthas ar chomhaontú ina leith ag an gCruinniú Mullaigh Euro thuasluaite.

**Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro, ag teacht le chéile dó i bhformáid chuimsitheach**

1. Phléamar an staid eacnamaíoch agus airgeadais reatha i bhfianaise a bhfuil tite amach le déanaí sa Mheánoirthear. Tá geilleagar an limistéir euro fós seasmhach sa chomhthéacs domhanda atá ann faoi láthair. Leanann margadh an tsaothair de thacaíocht a thabhairt d'ioncaim, agus cabhraíodh le cumhacht ceannaigh teaghlach a athbhunú nuair a chuaigh boilsciú ar ais go dtí an sprioc. Tacaíonn dálaí airgeadais fabhracha leis an infheistíocht. Ag an am céanna, cuireann éiginnteacht nach beag isteach ar mhuinín agus ar an ionchas fáis agus boilscithe, go háirithe i bhfianaise an tionchair atá ag a bhfuil tite amach sa domhan mór le deireanas ar phraghsanna fuinnimh.

2. Agus an litir ó Uachtarán an Ghrúpa Euro an 11 Márta 2026 á tabhairt dár n-aire, iarraimid ar an nGrúpa Euro leanúint de shúil ghéar a choimeád ar fhorbairtí eacnamaíocha agus ar rioscaí don chobhsaíocht mhacrairgeadais. Is den ríthábhacht é go leanfar de chomhordú éifeachtach a dhéanamh ar ár mbeartais eacnamaíocha agus fhioscacha chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú. Iarraimid ar an nGrúpa Euro rannchuidiú leis an bplé maidir leis an gcaoi le míchothromaíochtaí domhanda a laghdú.

3. Táimid diongbháilte i gcónaí agus rún daingean againn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair i dtaca leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis chun méid agus doimhneacht mhargaí caipitil na hEorpa a leathnú agus foinsí cistiúcháin a éagsúlú le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha agus straitéiseacha laistigh den Aontas. Is díol sásaimh dúinn an dul chun cinn a rinneadh go háirithe san athbhreithniú ar chreat an mhargaidh urrúsúcháin agus leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé príomhghníomhaíochtaí eile a chur chun cinn go pras i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach.

4. Is díol sásaimh dúinn an obair atá déanta ag an gCoimisiún maidir le ról idirnáisiúnta an euro. Thugamar na tionscnaimh ón mBanc Ceannais Eorpach dár n-aire freisin. Molaimid don Ghrúpa Euro tuilleadh oibre a dhéanamh chun bealaí nithiúla a aimsiú chun ról idirnáisiúnta an euro a neartú, lena n-áirítear mar airgeadra cúltaca agus mar airgeadra idirbheartaíochta. Is díol sásaimh dúinn go bhfuil sé ar intinn ag an nGrúpa Euro an cuspóir sin a áireamh ina shruthanna oibre leanúnacha mar ghné thrasearnálach. Déanfaimid athbhreithniú ar an dul chun cinn go rialta. I ndeireadh na dála, beidh seasamh an euro ar an leibhéal domhanda ag brath ar neart eacnamaíoch agus geopholaitiúil na hEorpa, agus ar an Aontas leanúint de bheith ina chomhpháirtí idirnáisiúnta iontaofa intuartha sa chomhthéacs geopholaitiúil nua.

5. Is díol sásaimh dúinn gur éirigh leis an mBulgáir an euro a ghlacadh an 1 Eanáir 2026, rud a fhágann go bhfuil 21 Bhallstát sa limistéar euro anois.

6. Is díol sásaimh dúinn an dul chun cinn a rinneadh maidir le tionscadal an euro dhigitigh a chur chun cinn, agus leagaimid béim an athuair ar a thábhachtaí atá sé an obair reachtach a thabhairt chun críche agus dlús a chur leis na chéad chéimeanna ullmhúcháin eile. Tugaimid dár n-aire agus tacaímid leis an rún atá ag an nGrúpa Euro measúnú cúramach a dhéanamh ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann leis an éabhlóid thapa ar an airgeadas digiteach, lena n-áirítear ar mhaithe le feabhas a chur ar éifeachtúlacht, neamhspleáchas agus athléimneacht na gcóras íocaíochta Eorpach.